C/2026/6061

20.11.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/6061)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

‘Maine-Anjou’

Uimhir thagartha AE: PDO-FR-0379-AM01 — 24.8.2026

1. **Ainm an táirge**

‘Maine-Anjou’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **Earnáil**

☑ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

an Fhrainc

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ainm

An Aireacht Talmhaíochta, Agraibhia agus Bhiafhlaithis

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Ní bhaineann an t-iarratas ar leasú ar an ATFC ‘Maine-Anjou’ le haon cheann de na trí chás ar leasú ar leibhéal an Aontais iad; go sonrach:

(a) níl athrú ar ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint / an táisc gheografaigh faoi chosaint i gceist leis;

(b) níl an baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní;

(c) níl srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leis.

Dá bhrí sin, measann údaráis na Fraince gur iarratas ar leasú caighdeánach an t-iarratas.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

Údarás inniúil sa Bhallstát

Tuairisc

Tugadh sonraí teagmhála na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta (*Institut national de l'origine et de la qualité – INAO*) cothrom le dáta. Scriosadh an tuairisc ar an Institiúid.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Grúpa is iarratasóir

Tuairisc

Tugadh sonraí teagmhála an ghrúpa is iarratasóir cothrom le dáta. Rinneadh ceartúcháin formáidithe.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Ainm an táirge

Tuairisc

Rinneadh ceartúchán formáidithe.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Críochú an limistéir gheografaigh

Tuairisc

Cuireadh tagairt leis an gCód Geografach Oifigiúil nuashonraithe, a fhónann mar bhonn do liosta na mbardas, agus rinneadh liosta na mbardas a nuashonrú.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Tuairisc ar an modh táirgthe

Tuairisc

Sa roinn 'Iompar agus marú', cuireadh an sainmhíniú seo a leanas leis an abairt lena dtoirmisctear spraeáil a dhéanamh ar chonablaigh: 'Ciallaíonn spraeáil na conablaigh a ní le huisce reatha.'

Sa roinn 'Iompar agus marú', scriosadh an abairt lena sonraítear nach mór cluas an ainmhí a bheith ag gabháil leis na conablaigh chun an téacs a thabhairt i gcomhréir leis an gcleachtas reatha.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Fianaise ar an nasc leis an timpeallacht gheografach

Tuairisc

Rinneadh an teideal a nuashonrú i gcomhréir leis na rialacha dréachtaithe atá i bhfeidhm.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Tagairtí don chomhlacht rialúcháin

Tuairisc

Rinneadh an teideal a nuashonrú i gcomhréir leis na rialacha dréachtaithe atá i bhfeidhm.

Rinneadh na tagairtí do INAO agus d'Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta, na nGnóthaí Tomhaltóirí agus an Choiscthe Calaoise (DGCCRF) a nuashonrú.

Cuireadh isteach an mhír chaighdeánach a thagraíonn do na forálacha rialála atá i bhfeidhm.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Mionsonraí sonracha maidir le lipéadú:

Tuairisc

Rinneadh an chaibidil seo a athdhréachtú chun a shonrú nach mór an t-ainm cláraithe 'Maine-Anjou' agus lógó ATFC an Aontais Eorpaigh a chur ar taispeáint ar an lipéadú sa réimse radhairc céanna. Ní mór tagairt shonrach a bheith ann freisin don am aibithe.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Ceanglais náisiúnta

Tuairisc

Sa phointe atá le seiceáil maidir le lipéadú, scriosadh na ceanglais rialála.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

'Maine-Anjou'

Uimhir thagartha AE: PDO-FR-0379-AM01 — 24.8.2026

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Maine-Anjou'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **Tír ar léi an limistéar geografach**

an Fhrainc

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

02 – FEOIL AGUS SCAIRTEACH FEOLA INITE

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta a bhfuil feidhm ag an ainm cláraithe maidir leis*

Ní fhéadfar an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Maine-Anjou' a úsáid ach amháin le haghaidh mairteoil fhuaraithe – cé is moite de mhairteoil fhuaraithe dhíreoite – ar mairteoil fhuaraithe í a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos sa tsonraíocht táirge seo agus a fhaightear ó eallach den chineál seo a leanas:

— ba atá faoi bhun 10 mbliana d'aois agus dár rugadh lao uair amháin ar a laghad. Ní mór meáchan 380 kg ar a laghad a bheith sna conablaigh;

— fireannaigh choillte atá níos sine ná 30 mí d'aois. Ní mór meáchan 400 kg ar a laghad a bheith sna conablaigh.

Ní mór na saintréithe seo a leanas a bheith ag na conablaigh:

— cruth: E, U, R, O in eangach aicmiúcháin EUROP;

— cumhdach saille: 3 nó 4 in eangach aicmiúcháin EUROP.

Saintréith de na conablaigh is ea a ndlús matán íseal agus an meáchan níos mó a bhíonn iontu.

Bíonn an fheoil marmaraithe go maith, agus dóthain deascán saille ionmhatánaí inti mar aon le dáileadh cothrom saille seachtraí agus inmheánaí, bíonn dath dúdhearg aonfhoirmeach beagáinín oráiste uirthi, agus bíonn sí bog nuair a ghearrtar í agus, sa bhéal, bíonn sí an-súmhar agus bíonn iarbhlas cobhsaí ann.

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le tásc geografach faoi chosaint agus sa chás sin amháin)*

-

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Chun bheith i dteideal an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint a bheith aici, ní mór don fheoil teacht ó ainmhithe a rugadh, a tógadh agus a maraíodh sa limistéar geografach.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

-

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Anuas ar an bhfaisnéis éigeantach dá bhforáiltear sa reachtaíocht maidir le bia-earraí a lipéadú agus a chur i láthair, bíonn na nithe seo a leanas ar an lipéadú sa réimse céanna radhairc:

— ainm cláraithe an táirge 'Maine-Anjou'

— lógó TGFC an Aontais Eorpaigh

I gcás feoil lena gríoscadh nó lena róstadh, cé is moite den scairt thanaí, den scairt thiubh agus den fhilléad tiubh, na focail 'is 9 lá iomlána ar a laghad atá san am aibithe idir dáta maraithe na n-ainmhithe agus dáta an mhiondíola leis an tomhaltóir deiridh'. I gcás feoil fholúsphacáilte lena gríoscadh agus lena róstadh, cé is moite den sciorta tanaí, den sciorta tiubh agus den fhilléad, is é 10 lá iomlána ar a laghad atá sna focail 'an t-am aibithe idir dáta maraithe na n-ainmhithe' agus dáta an mhiondíola leis an tomhaltóir deiridh'.

5. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

— Ille-et-Vilaine (35):

Bardais a áirítear ina n-iomláine: Chelun, Coësmes, Eancé, Grand-Fougeray, Martigné-Ferchaud, Pertre (Le), Thourie.

Is iad a leanas na bardais a áirítear i bpáirt amháin: Liffré, Vitré.

— Loire-Atlantique (44):

Bardais a áirítear ina n-iomláine: Abbaretz, Ancenis-Saint-Géréon, Boissière-du-Doré (La), Boussay, Cellier (Le), Chapelle-Glain (La), Châteaubriant, Couffé, Derval, Erbray, Fercé, Gétigné, Grand-Auverné, Issé, Jans, Joué-sur-Erdre, Juigné-des-Moutiers, Landreau (Le), Ligné, Loireauxence, Louisfert, Lusanger, Meilleraye-de-Bretagne(La), Mésanger, Moisdon-la-Rivière, Montrelais, Mouais, Mouzeil, Noyal-sur-Brutz, Nozay, Oudon, Pannecé, Petit-Auverné, Pin (Lein), Pouillé-les-Côteaux, Puceul, Regrippière (La), Remaudière (La), Riaillé, Roche-Blanche (La), Rougé, Ruffigné, Saint-Aubin-des-Châteaux, Saint-Julien-de-Vouvantes, Saint-Vincent-des-Landes, Sion-les-Mines, Soudan, Soulvache, Teillé, Touches(Les), Trans-sur-Erdre, Treffieux, Vair-sur-Loire, Vallet, Vallons-de-l'Erdre, Villepot.

— Maine-et-Loire (49):

Bardais a áirítear ina n-iomláine: Angers, Angrie, Armaillé, Aubigné-sur-Layon, Avrillé, Baracé, Beaucouzé, Beaulieu-sur-Layon, Beaupréau-en-Mauges, Bécon-les-Granits, Bégrolles-en-Mauges, Béhuard, Bellevigne-en-Layon, Bouchemaine, Bouillé-Ménard, Bourg-l'Evêque, Briollay, Candé, Cantenay-Epinard, Carbay, Cernusson, Cerqueux (Les), Challain-la-Potherie, Chalonnes-sur-Loire, Chambellay, Chenillé-Champteussé, Champtocé-sur-Loire, Chanteloup-les-Bois, Chapelle-Saintle-Laud (Laud), Chaudefonds-sur-Layon, Chazé-sur-Argos, Cheffes, Chemillé-en-Anjou, Cholet, Cléré-sur-Layon, Coron, Corzé, Denée, Dénezé-sous-Doué, Durtal, Ecouflant, Ecuillé, Erdre-en-Anjou, Etriché, Feneu, Garennes-sur-Loire (Les), Grez-Neuville, Hauts-d'Anjou (Les), Huillé-Lézigné, Ingrandes-le-Fresne-sur-Loire, Jaille-Yvon (La), Lion-d'Angers (Leoiré, Longuenée-en-Anjou, Lys-Haut-Layon, Marcé, Mauges-sur-Loire, Maulverri, May-Evre), Mazières-en-Mauges, Miré, Montilliers, Montreuil-Juigné, Montreuil-sur-Loir, Montreuil-sur-Maine, Montrevault-sur-Evre, Morannes-sur-Sarthe-Daumeray, Mozé-sur-Louet, Mûrs-Erigné, Nuaillé, Ombrée d'Anjou, Orée-d'Anjou, Passavant-sur-Layon, Plaine (La), Plessis-Grammoire (Les), Ponts-de-Cé (Les), Possonnière (La), Rochefort-sur-Loire, Romagne (La), Rives-du-Loir-en-Anjou, Saint-Augustin-des-Bois, Saint-Barthélemy-d'Anjou, Saint-Christophe-du-Bois, Saint-Clément-de-la-Place, Saint-Georges-sur-Loire, Saint-Germain-des-Prés, Saint-Jean-de-la-Croix, Saint-Lambert-la-Potherie, Saint-Léger-de-Linières, Saint-Léger-sous-Cholet, Saint-Martin-du-Fouilloux, Saint-Melaine-sur-Aubance, Saint-Paul-du-Bois, Sainte-Gemmes-sur-Loire, Sarrigné, Savennières, Sceaux-d'Anjou, Segré-en-Anjou Bleu, Séguinière (La), Seiches-sur-le-Loir, Sèvremoine, Somloire, Soulaines-sur-Aubance, Soulaire-et-Bourg, Tessoualle (La), Thorigné-d'Anjou, Tiercé, Toutlemonde, Trélazé, Trémentines, Val-d'Erdre-Auxence, Val-du-Layon, Verrières-en-Anjou, Vezins, Yzernay.

Is iad a leanas na bardais a áirítear i bpáirt amháin: Baugé-en-Anjou, Blaison-Saint-Sulpice, Brissac-Loire-Aubance, Doué-en-Anjou, Loire-Authion, Terranjou.

— Mayenne (53):

Bardais a áirítear ina n-iomláine: Ahuillé, Alexain, Andouillé, Argentré, Aron, Arquenay, Assé-le-Bérenger, Astillé, Athée, Baconnière (La), Bais, Ballots, Bannes, Bazoge-Montpinçon (La), Bazouge-de-Chemeré (La), Bazouge-des-Alleux (La), Bazougers, Beaulieu-sur-Oudon, Beaumont-Pied-de-Bœuf, Belgeard, Bierné-les-Villages, Bignon-du-Maine (Le), Bigottière (La), Blandouet-SaintJean, Boissière (La), Bonchamp-lès-Laval, Bouchamps-lès-Craon, Bouère, Bouessay, Bourgneuf-la-Forêt (Le), Bourgon, Brains-sur-les-Marches, Brée, Brûlatte (La), Buret (Le), Chailland, Châlons-du-Maine, Champgenéteux, Changé, Chapelle-Anthenaise (La), Chapelle-au-Riboul (La), Chapelle-Craonnaise (La), Chapelle-Rainsouin (La), Charchigné, Château-Gontier-sur-Mayenne, Châtelain, Chemazé, Chémeré-le-Roi, Chérancé, Commer, Congrier, Cosmes, Cossé-en-Champagne, Cossé-le-Vivien, Coudray, Courbeveille, Craon, Croixille (La), Cropte (La), Daon, Denazé, Entrammes, Evron, Fontaine-Couverte, Forcé, Fromentières, Gastines, Genest-Saint-Isle (Le), Gennes-Longuefuye, Gesnes, Gravelle (La), Grazay, Grez-en-Bouère, Ham (Le), Hambers, Hardanges, Houssay, Huisserie (L'), Izé, Jublains, Juvigné, Laubrières, Launay-Villiers, Laval, Livet, Livré-la-Touche, Loiron-Ruillé, Louverné, Louvigné, Maisoncelles-du-Maine, Marcillé-la-Ville, Marigné-Peuton, Martigné-sur-Mayenne, Mayenne, Mée, Ménil, Méral, Meslay-du-Maine, Mézangers, Montflours, Montigné-le-Brillant, Montjean, Montsûrs, Moulay, Neau, Niafles, Nuillé-sur-Vicoin, Olivet, Origné, Parné-sur-Roc, Peuton, Pommerieux, Port-Brillet, Prée-d'Anjou, Préaux, Quelaines-Saint-Gault, Renazé, Roche-Neuville (La), Roë (La), Rouaudière (La), Ruillé-Froid-Fonds, Sacé, Saint-Aignan-sur-Roë, Saint-Berthevin, Saint-Brice, Saint-Charles-la-Forêt, Saint-Cyr-le-Gravelais, Saint-Denis-d'Anjou, Saint-Denis-du-Maine, Saint-Erblon, Saint-Fraimbault-de-Prières, Saint-Georges-le-Fléchard, Saint-Georges-sur-Erve, Saint-Germain-d'Anxure, Saint-Germain-de-Coulamer, Saint-Germain-le-Fouilloux, Saint-Germain-le-Guillaume, Saint-Hilaire-du-Maine, Saint-Jean-sur-Mayenne, Saint-Léger, Saint-Loup-du-Dorat, Saint-Martin-du-Limet, Saint-Michel-de-la-Roë, Saint-Ouën-des-Toits, Saint-Pierre-la-Cour, Saint-Pierre-sur-Erve, Saint-Poix, Saint-Quentin-les-Anges, Saint-Saturnin-du-Limet, Sainte-Gemmes-le-Robert, Sainte-Suzanne-et-Chamnes, Saint-Thomas-de-Courceriers, Saulges, Selle-Craonnaise (La), Senonnes, Simplé, Soulgé-sur-Ouette, Thorigné-en-Charnie, Torcé-Viviers-en-Charnie, Trans, Vaiges, Val-du-Maine, Villiers-Charlemagne, Vimartin-sur-Orthe, Voutré.

— Orne (61):

Bardais a áirítear i bpáirt amháin: Alençon.

— Sarthe (72):

Bardais a áirítear ina n-iomláine: Amné, Asnières-sur-Vègre, Auvers-le-Hamon, Auvers-sous-Montfaucon, Avessé, Avoise, Beaumont-sur-Sarthe,Brains-sur-Gée, Brûlon, Chantenay-Villedieu, Chassillé, Chemiré-en-Charnie, Chevillé, Coulans-sur-Gée, Courtillers, Crannes-en-Champagne, Crissé, Epineu-le-Chevreuil, Fercé-sur-Sarthe, Fontenay-sur-Vègre, Grez (Le), Joué-en-Charnie, Juigné-sur-Sarthe, Longnes, Loué, Mareil-en-Champagne, Moitron-sur-Sarthe, Mont-Saint-Jean, Neuvillalais, Neuvillette-en-Charnie, Notre-Dame-du-Pé, Parennes, Pincé, Poillé-sur-Vègre, Précigné, Rouessé-Vassé, Rouez, Ruillé-en-Champagne, Sablé-sur-Sarthe, Saint-Christophe-du-Jambet, Saint-Christophe-en-Champagne, Saint-Denis-d'Orques, Saint-Ouen-en-Champagne, Saint-Pierre-des-Bois, Saint-Rémy-de-Sillé, Saint-Symphorien, Sillé-le-Guillaume, Solesmes, Souvigné-sur-Sarthe, Tassillé, Tennie, Vallon-sur-Gée, Viré-en-Champagne.

Is iad a leanas na bardais a áirítear i bpáirt amháin: Bernay-Neuvy-en-Champagne, Cherré-Au.

— Deux-Sèvres (79):

Bardais a áirítear ina n-iomláine: Argentonnay, Boismé, Bressuire, Bretignolles, Cerizay, Chanteloup, Chiché, Cirières, Combrand, Courlay, Forêt-sur-Sèvre (La), Genneton, Maisontiers, Mauléon, Montravers, Nueil-les-Aubiers, Petite-Boissière (La), Pin (Le), Saint-Amand-sur-Sèvre, Saint-André-sur-Sèvre, Saint-Aubin-du-Plain, Voulmentin, Saint Maurice Étusson, Saint-Pierre-des-Échaubrognes.

Is iad a leanas na bardais a áirítear i bpáirt amháin: Moncoutant-sur-Sèvre, Val-en-Vignes.

— Vendée (85):

Bardais a áirítear ina n-iomláine: Châtaigneraie (La), La Gaubretière (La), Landes-Genusson (Les), Mallièvre, Menomblet, Mortagne-sur-Sèvre, Saint-Aubin-des-Ormeaux, Saint-Laurent-sur-Sèvre, Saint-Malô-du-Bois, Saint-Martin-des-Tilleuls, Saint-Pierre-du-Chemin, Tiffauges, Treize-Vents, Chanverrie.

Bardais a áirítear i bpáirt amháin: Terval.

6. **Nasc leis an limistéar geografach**

Achoimre ar an nasc

D'fhan an limistéar pórúcháin le haghaidh eallach 'Rouge des prés' logánta den chuid is mó, agus tá 87 % de thréad na Fraince suite i gcroíthailte stairiúla an phóir. Léiríonn sé sin nasc láidir idir na hainmhithe agus an timpeallacht nádúrtha agus dhaonna inar póraíodh iad.

Is éard atá sa limistéar pórúcháin timpeallacht nádúrtha shonrach. Forbraíodh cleachtais bheostoic don phór 'Rouge des prés' go príomha i gcuid den Mhasaíf Armarcach, áit a bhfuil líon ard den phór le fáil; i gcodarsnacht leis sin, is annamh a fhaightear é in Imchuach Pháras. Tá an córas beostoic nasctha leis na cineálacha ithreach a fhaightear ar an Masaíf Armarcach, ar saintréithe ar leith dóibh cúltaiscí ísle uisce, atá ina gcúis le féarthalamh garbh (*paillassons*) ó mhí an Mheithimh ar aghaidh arb é atá iontu go príomha féara buí, seanfhéara nó féara lignithe a tháirgeann farae garbh.

Mar achoimre, is léir aon áit a mbíonn cúltaiscí samhraidh ithreacha d'uisce úsáideach níos airde – cibé acu mar gheall ar chineál éagsúil ithreach (aistriú ó ithreacha clochacha, éadoimhne agus aigéadacha donna na Masaífe Armarcaí go hithreacha doimhne cré-aolchloiche Imchuach Pháras) nó patrúin éagsúla báistí agus teochta – níl gabháltais 'Rouge des prés' le fáil a thuilleadh.

Dá bhrí sin, tá an córas táirgthe le haghaidh feoil 'Maine-Anjou' bunaithe ar shaintréithe sonracha na timpeallachta nádúrtha sin agus is ar na tosca seo a leanas atá sé bunaithe:

— **pór eallaigh 'Rouge des prés',** lena mbaineann saintréithe zóiteicniúla a oireann don timpeallacht:

Tá dlúthnasc idir chineál sainiúil fheoil 'Maine-Anjou' agus pór 'Rouge des prés'. Go dtí 2002, tugadh 'Maine-Anjou' ar an bpór agus, mar thoradh air sin, forbraíodh clú an táirge go nádúrtha faoin ainm sin. Tá fianaise ann a léiríonn clú fheoil 'Maine-Anjou', go háirithe ag margaí La Villette i bPáras, ar margaí iad a théann siar níos mó ná 60 bliain. Níor imigh an pór sin óna áit tionscnaimh riamh, agus chuidigh an méid sin le clú an táirge a fhorbairt faoin ainm sin.

D'fhonn stádas ATFC a dhaingniú le haghaidh fheoil 'Maine-Anjou' agus d'fhonn a áirithiú go gcomhlíontar Rialachán (CEE) Uimh. 2081/92, athraíodh ainm an phóir 'Maine-Anjou' go 'Rouge des prés' in 2002.

Mínítear le saintréithe zóiteicniúla na n-ainmhithe sin (féach léaráidí san iarscríbhinn) a gcumas úsáid mhaith a bhaint as an bhféarach garbh atá tipiciúil don réigiún.

Tá an córas beostoic don phór sin éagsúil leis an gcóras atá ann i gcás pórtha diúil eile sa mhéid gur innilt a dhéantar den chuid is mó sa samhradh, go háirithe ar fhéarthailte tirime; is í an innilt an phríomh-chomhpháirt dá aiste bhia i gcónaí.

Maireann an pór amuigh faoin aer den chuid is mó; bíonn na geimhrí sa limistéar táirgeachta sách gearr, agus ciallaíonn cruas na n-ainmhithe gur féidir an timpeallacht a úsáid i ndálaí deacra aimsire agus beathaithe.

Cuidíonn méid mór an phóir 'Rouge des prés' le míniú a thabhairt ar a gcumas úsáid bharrmhaith a bhaint as farae garbh, mar gheall ar an méid seo a leanas:

— an cumas iontógáil ard a dhéanamh;

— an cumas déileáil le héagsúlachtaí ó thaobh beatha de trí chion mór dá chúltaiscí coirp a shlógadh gan iarmhairtí díobhálacha a bheith aige ar a fheidhmíocht zóiteicniúil sa todhchaí;

— an cumas fás a atosú go tapa nó a chúltaiscí coirp a athsholáthar nuair a bhíonn dálaí beathaithe níos fabhraí san earrach agus san fhómhar.

Is é is aidhm do na feirmeoirí beostoic ó thaobh beatha de an oiread féir agus is mian lena n-ainmhithe a sholáthar dóibh, gan beann ar a fhoirm ná ar a cháilíocht (féar óg cothaitheach san earrach; farae garbh sa samhradh), agus beatha eile a choinneáil ag leibhéal chomh híseal agus is féidir an tráth céanna.

Chun an méid sin a bhaint amach, roghnaigh feirmeoirí ainmhithe atá in ann déileáil le drochfharae agus leas mór a bhaint as a gcúltaiscí coirp ag tráthanna áirithe den bhliain.

Is ábhar iontais é go gcailleann eallach 'Rouge des prés' meáchan le linn mhíonna an tsamhraidh agus an gheimhridh (nuair is éard a bhíonn san aiste bhia féar tirim nó féar garbh gan mórán beatha fhorlíontach nó gan aon bheatha fhorlíontach), ach déanann siad gnáthfhás ar bhonn bliain iomlán. Maidir leis an gcaillteanas meáchain sin a tharlaíonn le linn tréimhsí áirithe, dhealródh sé fiú go bhfuil gá leis dá bhforbairt cnámharlaigh agus mhatánach. Dá bhrí sin, i gcroílár limistéar táirgeachta ATFC 'Maine-Anjou', ar saintréith dó tréimhsí luatha agus móra ganntanais uisce sna féaraigh, léiríonn ainmhithe 'Rouge des prés' forbairt mhór cnámharlaigh agus mhatánach. Ní hamhlaidh atá ar fhorimeall an limistéir (áit a mbíonn an bháisteach níos mó agus ina mbíonn an farae saibhir agus flúirseach), áit a mbíonn na hainmhithe níos éadroime agus níos lú ó thaobh airde de.

Tá 'samhail ainmhithe' ann fiú, a bhaineann go sonrach le limistéar táirgeachta 'Maine-Anjou', a thugann ar fheirmeoirí speiceas eile – amhail caoirigh, muca agus capaill – ainmhithe atá socair agus a bhfuil cruth mór orthu a lorg. Léiríonn an cur chuige sin nasc láidir idir saintréithe cineáil ainmhí, sa chás seo 'Rouge des prés', agus a thimpeallacht mhaireachtála;

— **fios gnó na bhfeirmeoirí**, lena gcumasaítear dlúthnasc idir an timpeallacht agus an tréad:

Léiríonn an chaoi a mbainistítear na féarthailte fíorchur chuige tréadach. A bhuí leis an eolas atá acu ar acmhainneacht tháirgiúil na bhféarach éagsúil le himeacht ama agus leis na cleachtais a chuireann ar a gcumas dóibh acmhainní féarthalún a chruthú, is féidir le feirmeoirí féachaint ar na srianta comhshaoil mar rud ar féidir le heallach 'Rouge des prés' leas a bhaint as, i bhfianaise a gcumais luaineachtaí sa soláthar beatha a sheasamh gan aon drochthionchar a bheith acu ar a bhfeidhmíocht ina dhiaidh sin.

Cuireann fios gnó fheirmeoirí 'Maine-Anjou' ar a gcumas dóibh an úsáid is fearr is féidir a bhaint as féaraigh an réigiúin. Maidir le feirmeoirí eallaigh a bhfuil a n-ainmhithe beartaithe chun feoil 'Maine-Anjou' a tháirgeadh, bhí siad cúramach i gcónaí an líon is lú ionchur is féidir a úsáid ar a ngabháltais. Go traidisiúnta, bhí an córas beostoic sin neamhthuilleamaíoch agus eacnamúil ar chúiseanna atá fréamhaithe sa stair: bhí méiteagáisteoirí freagrach as feirmeoireacht beostoic, ach bhí a n-acmhainní airgeadais teoranta. Bhí drogall orthu, dá bhrí sin, costais shubstaintiúla a thabhú agus lorg siad ainmhí a d'fhéadfadh an leas is fearr is féidir a bhaint as a thimpeallacht. Dá bhrí sin, ní mór do na bó-ainmhithe féar a ithe, a mhéid is féidir trí innilt agus, seachas sin, i bhfoirm farae buainte. Dá bhrí sin, ní mór d'fheirmeoirí tuiscint dhomhain a bheith acu ar a dtimpeallacht agus ardleibhéal saineolais theicniúil a bheith acu maidir le modhanna innilte.

Déantar machnamh maith ar innilt eallaigh le linn an tséasúir thirim: beathaíonn na hainmhithe ar fhoráiste gan bhuaint a fhaightear mar thoradh ar fhéar tirim dara gearradh agus innilt earraigh neamhiomlán ar phláséin féarthalaimh shealadaigh fhadtéarmaigh nó ar fhéarthailte nádúrtha. Úsáidtear féarthailte ísealchríche fliucha, nuair a bhíonn siad ar an ngabháltas, go príomha le haghaidh innilt samhraidh. Léiríonn sé sin cumas na bhfeirmeoirí chun acmhainní farae samhraidh a chruthú, ar thaobh amháin trí innilt agus gearradh san earrach a mhalartú, agus ar an taobh eile trí éagsúlacht na gcineálacha féaraigh a úsáidtear.

Dá bhrí sin, ní fhéachtar ar shaintréithe ar leith na timpeallachta – atá nasctha le cineál na n-ithreacha agus leis an aeráid measartha tirim, as a leanann luathghanntanas uisce – mar srian atá le sárú ach gur staid iad a bhfuil an t-eallach oiriúnaithe go han-mhaith di.

Maidir leis an gcóras foriomlán chun eallach a thógáil atá beartaithe chun feoil 'Maine-Anjou' a tháirgeadh, cinntear leis conas a úsáidtear agus a bhainistítear an talamh, ionas go bhfuil sé cothrom labhairt ar chóras feirmeoireachta 'Maine-Anjou' atá bainteach le tírdhreach 'Maine-Anjou' (féach léaráidí sna hiarscríbhinní), arb é is saintréith dó:

— tírdhreach leathoscailte;

— limistéar mór féarthalaimh le haghaidh innilt samhraidh;

— meascán de mhóinéir taoibh cnoic agus móinéir fhliucha i limistéir ísle;

— ardchláir atá plandaithe le barra gránach;

— dath foriomlán glas agus an iliomad crann agus fálta sceach ann.

Go hachomair, sa timpeallacht áirithe seo, atá nasctha le cineál na n-ithreacha agus leis an aeráid measartha tirim, as a leanann luathghanntanais uisce, bunaíodh córas beostoic sonrach lena mbaineann pór mór áitiúil, fios feasa na bhfeirmeoirí lena dtugtar le chéile bainistiú spásúil agus ama acmhainní agus eolas mionsonraithe ar an tréad chun táirge uathúil a chruthú, is é sin le rá, feoil 'Maine-Anjou' a aithnítear go huilíoch.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/boagri/document_administratif-da37df0f-6516-44c0-9603-8b9b83f83af3